Eitinn

An Eitinn – cóireáil agus cosc na haicíde

Irish translation of *TB – the disease, its treatment and prevention*

Is aicíd thógálach í an Eitinn (TB – tuberculosis) a théann I gcionn de ghnáth ar na scámhóga, ach tig léi cur isteach ar chuid ar bith den cholainn.

Thart fá 150 bliain ó shin ba í ba chúis le bás as gach ochtar sa RA, ach, le tithíocht agus bia níos fearr agus cóireáil éifeachtúil, faoi na 1980í – le 5,745 cás i 1987.

Ach níl an Eitinn glanta amach go hiomlán. Tá na huimhreacha ag méadú go mall sa RA le 20 bliain anuas. Faigheann timpeall 7,000 duine an Eitinn gach bliain anois (idir 60-80 díobh sin as Tuaisceart Éireann).

Níl sé furasta Eitinn a fháil – ní mór duit a bheith i dteagmháil ghairid go rialta le duine a bhfuil eitinn aige/aici (i do chónaí sa líon tí céanna mar shampla) – ach caithfidh gach duine a bheith eolach ar chomharthaí na haicíde sa dóigh is go dtig leis cóireáil a fháil chomh luath agus is féidir.

Is féidir Eitinn a leigheas le cúrsa d'antaibheathaigh speisialta.

Cén dóigh a scaiptear Eitinn agus an dócha go mbeidh mé ionfhabhtaithe?

Ní féidir Eitinn a fháil go díreach ach ó dhuine a bhfuil Eitinn ionfhabhtach ina scámhóga nó ina scórnach aige. Cé go scaiptear Eitinn san aer nuair a dhéanann duine leis an aicíd casacht nó sraoth, caithfear a bheith i dteagmháil dhlúth le duine ionfhabhtach ar feadh tréimhse fhada chun an aicíd a fháil.

Níl gach duine le hEitinn sna scámhóga ionfhabhtach, agus a fhad is a ghlacann siad an chóireáil chuí éiríonn formhór na ndaoine neamhinfhabhtach go gasta – i ndiaidh coicíse de ghnáth – **a fhad is atá an chóireáil chuí á glacadh acu.**

Cé go dtig le duine ar bith Eitinn a fháil tá an baol níos mó do ghrúpaí áirithe ná do dhaoine eile.

Tá siad seo a leanas san áireamh:

- leanaí ar tháinig a dtuismitheoirí nó a seantuismitheoirí as tír ina bhfuil ráta ard eitinne, ar nós cuid mhór tíortha san Áise, san Afraic agus in oirthear na hEorpa (tá liosta suas chun dáta faoi thíortha ina bhfuil ráta ard Eitinne ar fáil ar an suíomh www.hpa.org.uk/infections/topics_az/tb/epidemiology/who_table2.htm nó fiosraigh le do dhochtúir teaghlaigh)

Tig leis na daoine seo Eitinn a fháil fosta:

- daoine a chónaigh sa líon tí céanna – nó a bhí i dteagmháil fhada dhlúth – le daoine a bhfuil Eitinn thógálach orthu
- daoine a chónaíonn faoi choinníolacha míshláintiúla nó plódaithe, agus iad siúd atá gan dídean
- daoine a chaith tréimhse fada ama ina gcónaí, ag obair nó ar cuairt ar thír ina bhfuil ráta ard Eitinne
- daoine a bhféadfadh Eitinn a bheith thart orthu nuair a bhí siad óg agus Eitinn níos coitianta sa tír seo

- tamall a bheith caite acu sa phríosún
- nó gan a bheith ábalta ionfhabhtú a throid (imdhíonachtsochta) de bharr tinnis (m.sh. ionfhabhtú VEID) nó cóireála
- atá ina n-andúlaigh drugaí nó alcóil
- nach n-itheann tú go leor lena sláinte a choinneáil.

Cén dóigh a n-aithneoidh mé go bhfuil Eitinn orm?

Is iad seo na comharthaí Eitinne is coitianta:

- casacht leanúnach a éiríonn níos measa thar roinnt seachtainí
- cailliúint mheáchain gan cúis shoiléir
- fiabhras agus allas trom oíche
- tuirse neamhghnách an t-am uilig agus mothú neamhfholláin
- fuil leis an chasacht.

D'fhéadfadh siad seo uilig a bheith ina gcomharthaí d'fhadhbanna eile, ach má tá siad ort agus imní ort, labhair le dochtúir nó banaltra l seomra freastail an dochtúra nó sa chlinic áitiúil.

Má bhíonn tú i dteagmháil dhlúth le duine ar aithníodh Eitinn ann tá baol ionfhabhtaithe ann duit, agus tairgeofar scrúdú sláinte duit.

Má tá Eitinn orm, an féidir í a leigheas?

Is féidir Eitinn a chóireáil le antaibheathaigh speisialta. Nuair a thosaíonn an chóireáil, beidh biseach ort tar éis coicíse nó ceithre seachtaine. Ach caithfidh an chóireáil dul ar aghaidh ar feadh sé mhí ar a laghad. Tá sé fíorthábhachtach an cúrsa iomlán antaibheathach a chríochnú chun Eitinn a leigheas. Mura ndéanann tú sin, tig leis an ionfhabhtú filleadh i riocht atá frithsheasmhach in aghaidh na ngnáthdhrugaí agus níos deacra a chóireáil. Agus thiocfadh leat an leagan níos measa seo den ionfhabhtú a thabhairt do do theaghlach agus do chairde.

Mura ndéantar cóireáil cheart ar an Eitinn, is féidir bás a fháil dá bharr.

Conas is féidir Eitinn a chosc?

Is é an dóigh is tábhachtaí agus is éifeachtúla chun Eitinn a chosc ó scaipeadh ar fud na tire seo, diagnóis a dhéanamh ar dhaoine a bhfuil an aicíd orthu chomh luath agus is féidir agus a chinntiú go bhfaigheann siad an cúrsa iomlán cóireála cuí. Ní mór daoine a raibh teagmháil dhlúth acu leis an té sin a scrúdú le cinntiú nach bhfuil Eitinn orthu sin fosta. Is é sin an fáth go bhfuil sé chomh tábhachtach a bheith eolach ar an aicíd.

Nach féidir Eitinn a chosc le vacsaín?

Tá vacsaín (BCG) á húsáid le blianta fada mar chosaint in éadan na hEitinne. Is fearr a oibríonn BCG chun na cineálacha Eitinne is measa a chosc i leanaí. Ach ní féidir le BCG Eitinn a chosc i ngach cás, agus mar gheall air sin ní mór duit a bheith eolach ar chomharthaí na hEitinne.

Cé dó a dtairgítear an vacsaín BCG?

Tairgítear vacsaín BCG do:

- gach leanbh agus naíonán faoi 12 mí ar rugadh tuismitheoir nó seantuismitheoir dá chuid i dtír ina bhfuil minicíocht bhliantúil Eitinne de 40/100,000 den daonra nó níos mó
- leanaí faoi 16 bliana ar rugadh tuismitheoir nó seantuismitheoir dá gcuid i dtír ina bhfuil minicíocht bhliantúil Eitinne de 40/100,000 den daonra nó níos mó
- inimircigh úra nach bhfuair vacsaín cheana ó thíortha ina bhfuil minicíocht ard Eitinne

- daoine 16-35 bliana d'aois i ngrúpaí ceirde áirithe, ar nós oibrithe cúram sláinte agus daoine eile a d'fhéadfadh a bheith i dteagmháil le daoine le TB

- daoine a bhí i dteagmháil dhlúth le duine le hEitinn.

Má théim thar lear, an bhfuil instealladh BCG de dhíth orm?

Má tá tú ag dul ar cuairt, a chónaí nó ag obair i dtír le ráta ard Eitinne ar feadh míosa nó níos mó, tá sé tábhachtach tú féin a chosaint ar an Eitinn. Faigh comhairle ó sheomra freastail do dhochtúra nó ón chlinic.

Eitinn – gnáthchúramaí

Ní bheidh teagmháil ag formhór na ndaoine a chónaíonn i dTuaisceart Éireann le duine le hEitinn choíche. Is beag an baol atá ann go bhfaigheadh duine i dTuaisceart Éireann an Eitinn. Tá sé tábhachtach mar sin féin go mbeadh eolas ag daoine faoi chomharthaí Eitinn, agus conas a scaiptear Eitinn agus a dhéantar cóireáil air. Tá sé tábhachtach go dtuigfeadh daoine an fíorbhaol atá ann dóibh féin agus dá gclann.

Iompar poiblí agus áiteanna iata poiblí
Ní baol duit go bhfaighidh tú Eitinn méadaithe má úsáideann tú iompar poiblí ná má tá tú ag déanamh gnáthghnóthaí an lae.

Eitinn i scoileanna
Is rud annamh é seo ach cuireann sé a lán imní ar dhaoine. Is ar éigean go scaipeann leanaí le hEitinn an aicíd riamh. Faigheann leanaí Eitinn ó dhaoine fásta a bhfuil Eitinn sna scámhóga acu. Dá bhfaighfí Eitinn i leanbh ar scoil dhéanfaí scagadh a eagrú le déanamh cinnte nach bhfuil ionfhabhtú ar dhuine ar bith eile, agus le foinse an ionfhabhtaithe a fháil amach Go hiondúil is duine den teaghlach nó as an líon tí céanna an foinse. Dá bhfaighfí Eitinn thógálach ar bhall aosach d'fhoireann na scoile, dhéanfaí scagadh ar na leanaí de réir chomhairle sláinte áitiúla.

Cad chuige a bhfuil stop curtha le cláir BCG na scoileanna má tá Eitinn ag méadú?
Tá athrú mór ar phatrún na hEitinne ó cuireadh tús le clár BCG na scoileanna i 1953. Ní fiú leanaí a vacsaíniú in áit ina bhfuil an baol eitinne chomh híseal (tá beagnach gach duine i dTuaisceart Éireann sa chás seo). Tairgíonn an polasaí úr BCG do dhaoine atá i mbaol níos mó an Eitinn a fhorbairt agus ar mó an seans go ngnóthódh siad ón vacsaíniú chomh luath ina saol agus is féidir nuair is éifeachtúla a bhíonn an vacsaín.

Tuilleadh eolais

Chun tuilleadh eolais a fháil maidir le cosaint a thabhairt duit féin, do do chlann agus do do chairde in éadan na hEitinne, labhair le do dhochtúlr nó le TB Alert.

Is carthanas é TB Alert atá tiomnaithe d' eolas ar Eitinn a fheabhsú agus troid in éadan na hEitinne ar fud an domhain.

TB Alert
22 Tiverton Road
London
NW10 3HL
Phone: 0845 456 0995
Email: info@tbalert.org

Tig leat cuairt a thabhairt orthu seo fosta:
www.dhsspsni.gov.uk/phealth
www.dh.gov.uk
www.hpa.org.uk
www.immunisation.nhs.uk
www.tbalert.org

Tá liosta suas chun dáta de thíortha le ráta ard Eitinne ar fáil anseo:
www.hpa.org.uk/infections/topics_az/tb/epidemiology/who_table2.htm

Health Promotion Agency

Department of Health, Social Services and Public Safety
www.dhsspsni.gov.uk

Produced by the Health Promotion Agency for Northern Ireland on behalf of the Department of Health, Social Services and Public Safety and the four Health and Social Services Boards.
Crown Copyright material reproduced with the permission of the Controller of HMSO and the Queen's Printer for Scotland.

06/06